Galway Advertiser
Déardaoin 24 Meán Fómhair 2026
Sobal
NUACHT | CULTÚR | SAOL



**Aperitíf: Labhraíonn Mairéad Ní Chuaig faoi chlár cleamhnais nua TG4**

Lch 4



# Trá dá raibh

**Labhraíonn Trá Pháidín faoin albam nua atá á eisiúint acub an tseachtain seo**

Lch 3

# Obair athfhorbartha tosaithe i Scoil Cholmcille

**Bill Breathnach**

**Cuireadh tús le hobair athfhorbartha i Scoil Cholmcille, Indreabhán, nuair a bhain an tAire Oideachais Hildegarde Naughton TD an chéad fhód ann, maidin Dé Máirt.**

Tá luach €20 milliún ag baint leis obair seo agus táthar ag súil leis go mbeidh sé críochnaithe i gceann bliain go leith.

Cuirfear síneadh leis an bhfoirgneamh atá ann cheana féin agus tógfar seomraí ranga nua, spásanna speisialta teagaisc, halla ilfheidhmeach, aonad oideachais speisialta, chomh maith le spás oifige agus fáiltithe.

Ina theannta sin, tógfar 45 spás páirceála nua do charranna agus tógfar stáisiún luchtaithe do charranna leictreacha.

Agus é ag labhairt dó le *Sobal*, dúirt cathaoirleach bhord bhainistíochta na scoile, Seosamh Ó Laoi, go raibh sé tábhachtach go mbeadh áiseanna maithe ag scoil.

Tuigtear go mbíonn sé mar nós ag an-chuid scoláirí as Cois Fharraige freastal ar an scoil i gCathair na Gaillimhe, agus luaitear go minic na háiseanna atá le fáil i scoileanna an bhaile mhóir mar rud a spreagann iad an cinneadh seo a dhéanamh.

"Tá muid ag súil le féidearthachtaí agus deiseannaí a chur ar fáil d'óige cheantar Chois Fharraige," a dúirt an tUasal Ó Laoi.

"Ní foirgneamh í scoil, ach cinnte cuirfidh sé seo go mór leis na háiseannaí, le na deiseannaí, le suíomh spreagúil foghlama a chur ar fáil do na glúinte amach uainn.

"Tá sé tábhachtach go mbeadh áiseanna den chéad scoth ag scoláirí an cheantair seo, i gConamara. Tá sé tábhachtach go mbeidh foirgneamh áiseanna acub atá chomh maith le háit ar bith in Éirinn."

Tuigtear gur thug Comhairle Contae na Gaillimhe cead pleanála don obair athchóirithe seo, mí Iúil, 2022.

Agus í ag labhairt leis na meáin tar éis an tsearmanais, dúirt an tAire Naughton,"Is lá mór é seo agus is infheistíocht, mhór, shuntasach é seo do Choláiste Cholmcille. Tá an-áthas orm a bheith anseo i gcroílár Ghaeltacht Chonamara. Tá an-áthas orm freisin go bhfuil rannóg riachtanais speisialta ann sa scoil agus guím gach rath ar an bpobal scoile."

Faoi láthair na huaire, tá oifigigh na Ranna Oideachais ag forbairt siollabas nua Gaeilge don Ardteist agus tuigtear go mbeidh sé á sheoladh níos déanaí i mbliana.

Thug an tAire Naughton le fios Dé Máirt go mbeadh an siollabas seo bunaithe ar Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha - rud a bhí geallta sa gClár Rialtais.

Is córas é an comhchreat seo a úsáidtear ar fud na hEorpa le meastachán a dhéanamh ar an gcaighdeán atá bainte amach ag foghlaimeoir i dteanga áirithe.

Bhí sé ráite ag beirt réamhtheachtaí an Aire - Norma Foley agus Helen McEntee - nach raibh sé de chumas acub an gealltanas seo a dhéanamh.

Áfach, níor thuig an tAire Naughton le fios an mbeadh siollabas ar leith ann do scoileanna Gaeltachta nó scoileanna lán-Ghaeilge ar fud na tíre - polasaí atá molta ag feachtasóirí teanga.





Bill Breathnach
Eagarthóir Sobal

# Idir neamh agus talamh in Inis Meáin

**Ar dhroichead an iarnróid thar Loch an tSáile i gCathair na Gaillimhe a bhí mé tráthnóna Dé hAoine seo caite, ag baint sméara dubha sa mbáisteach mar leadhb ceart nuair a bhí cuid mhór den phobal ag baint taitnimh as na himeachtaí a bhí ar siúl d'Oíche Chultúir.**

Faraor bhí na sméara dubha ab fhearr den bhliain imithe, 's ní raibh ann ach sméara beaga suaracha don chuid is mó (agus grán dubh ar chuid mhaith acub chomh maith).

Áfach bhí sé socraithe a'am cur isteach ar an gcomórtas bácála ag Féile na bPuiteachaí in Inis Meáin an lá arna mhárach, agus de réir na rialacha, bhí orm cúpla sméar dhubh a aimsiú don cháca milis a bhí á dhéanamh a'am.

Go bhfios dom, mise an t-aon duine ón mórthír a chuir isteach ar an gcomórtas i mbliana agus chomh luath is a thuirling mé den bhád thuig mé cén fáth.

Ní amháin gur phian sa tóin a bhí ann cáca milis a iompair thar farraigí suaite, ach nuair a leag mé cos ar an oileán, an chéad rud a thug mé faoi deara ná an chodarsnacht a bhí ann idir sméara suaracha na mórthíre agus na sméara móra, súmhara a bhí le fáil in Inis Meáin.

Tá mé ag ceapadh go mbaineann sé seo le tírdhreach éagsúil an oileáin. Súnn an aolchloch a chlúdaíonn Inis Meáin teas na gréine isteach agus cuidíonn sé seo le na driseachaí sméara breátha, móra a fhás.

Táimse ag cur fúm faoi láthair na huaire sa mbaile mór agus bímse ag obair taobh istigh don chuid is mó. Mar sin, sílim go bhfuil sé fiúntach ó am go chéile teagmháil eicínt a bheith a'am leis an dúlra atá mórthimpeall orm.

In ainneoin na háilleachta a bhaineann le dúlra an oileáin, caithfear dul taobh istigh le cuid de na seoda is áille ann a fheiceáil áfach.

Tógadh Séipéal Mhuire gan Smál agus Eoin Baiste in Inis Meáin 1939 agus tá na ballaí taobh istigh maisithe le fuinneogaí daite a bhí deartha ag Stiúideo Harry Clarke.

Bhain Harry Clarke clú agus cáil amach mar cheann de na healaíontóirí gloine dhaite ab fhearr in Éirinn ag tús an 20ú haois agus is léir go bhfuil grá ag muintir na tíre ar a chuid oibre sa lá atá inniu ann fós.

Cé go bhfuair Clarke bás i 1931, sular tógadh an séipéal, lean an stiúideo a bhunaigh sé ar aghaidh ag cruthú fuinneogaí sa stíl ornáideach, chéanna a d'fhorbair sé ina shaothair féin.

Richard King a bhí mar bhainisteoir ar an stiúideo nuair a tógadh an séipéal in Inis Meáin agus eisean an t-ealaíontóir a dhear na fuinneogaí ann. Cé nár bhain King an cháil chéanna amach is a bhain Clarke, tá ard-mheas air fós agus tá cuid dá shaothair le feiceáil in Ardeaglais Naomh Mél i mbaile an Longfoirt.

Seans nach bhfuil na fuinneogaí in Inis Meáin chomh sonrach is mar atá cuid de na saothair a chruthaigh Clarke é féin, ach éiríonn leo fós atmaisféar mistéireach, neamhshaolta a chruthú le stíl a dhéanann ceangal idir aeistéitic atá réasúnta nua-aimseartha agus an saol ársa.

Tá na figiúirí sna fuinneogaí thar a bheith ard agus tanaí, agus tarraingíonn na scáthanna atá timpeall a súile móra agus idir na cnámha faoina gcraiceann aird ar an gcaoi a dtiteann an solas orthu. Ina theannta sin, cuireann na dathanna geala agus na maisiúcháin ornáideacha a bhíonn le feiceáil ar éadach na bhfigiúirí agus sa gcúlra go mór le stíl dhrámatúil na n-íomhánna.

Tá sé suimiúil an chaoi go mbíonn íomhá den Mhaighdean Mhuire agus Íosagán ina lámha aici le feiceáil sa bpríomh-fhuinneog atá in airde thar an altóir - áit a mbíonn an chros chéasta de ghnáth.


Is dóigh go ndéanann sé seo tagairt don séipéal atá ainmnithe in ómós na Maighdine Muire ach tá codarsnacht ar leith le n-aireachtáil idir an suaimhneas agus compord a bhaineann leis an íomhá seo agus an fhulaingt agus an phian a bhaineann leis an gcros chéasta.

Áfach, ní shin le rá nach mbíonn dorchadas an tsaoil le feiceáil sna fuinneoga agus iad lasta le solas an lae. Thug mé faoi deara go mbíonn cruth cónra á dhéanamh ag Máire Mhaigdiléana lena láimhe agus an chuid dá gúna atá faoina huillinneacha!

Aisteach go leor, tá fuinneogaí daite a bhí deartha ag ealaíontóirí móra le rá le feiceáil ar dhá oileán eile atá suite amach ó iarchósta na hÉireann. Tá trí fhuinneog a dhear William Dowling - a d'oibrigh le Stiúideo Harry Clarke chomh maith- le fáil sa séipéal in Inis Bó Finne.

Ina theannta sin, tá fuinneogaí a bhí deartha ag Pollen agus Beatrice Elvery le feiceáil sa séipéal i dToraigh i gContae Dhún na nGall. (Tá léaráidí gleoite a tharraing Beatrice le feiceáil freisin sa leabhar *Íosagán* le Pádraig Mac Piarais).

Deirtear nach mbíonn in aon rud ach seal. Tagann na sméara dubha agus imíonn siad chuile bhliain. Ach maireann an áilleacht agus an chaoi gur féidir leis dul i bhfeidhm orainn.



**Nach aisteach: Cruth cónra á dhéanamh ag Máire Mhaigdiléana**

# Tuairimí á lorg ag An Taibhdhearc

**Tá suirbhé ar líne seolta ag An Taibhdhearc chun tuairimí an phobail a lorg maidir leis an straitéis nua á dhréachtú acu don tréimhse 2028-2031.**

Tabharfaidh an suirbhé seo deis do dhaoine a dtuairimí a roinnt faoi obair na hamharclainne agus moltaí a thabhairt maidir leis an gComóradh Céad Bliana a bheidh á cheiliúradh ag An Taibhdhearc i 2028.

Faoi láthair tá An Taibhdhearc ag feidhmiú de réir straitéis Síolta 2025-2027, agus mar chuid obair seo, léiríodh an ceoldráma Saoirse léiríodh a bheidh le feiceáil in Amharclann na Mainistreach an mhí seo, mar chuid d'Fhéile Imill Bhaile Átha Cliath



Beidh an suirbhé ar fáil go dtí an 9 Deireadh Fómhair ar shuíomh na Taibhdheirce, ag www.antaibhdhearc.com/suirbhe2026.

# Folúntas do bhainisteoir ginearálta i gComhar Creidmheasa Cholm Cille

**Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo, atá lonnaithe in Indreabhán, Co. na Gaillimhe, ag lorg Bainisteoir Ginearálta nua chun an Comhar Creidmheasa a stiúradh agus tacú lena fhorbairt leanúnach.**

Beidh an té a cheapfar freagrach as bainistiú laethúil na heagraíochta, ceannaireacht foirne, feidhmíocht airgeadais agus oibríochta, rialachas agus comhlíontacht rialála.

Tá líofacht i labhairt agus i scríobh na Gaeilge riachtanach don phost.

Tá tuilleadh eolais faoin ról agus faoin bpróiseas iarratais ar fáil ag www.cccholmcille.ie/foluntas.

Dáta deireanach d'iarratais: 9ú Deireadh Fómhair 2026.

# Cárta Bronntanais nua chun tacú le gnólachtaí Gaeltachta

**Tá Údarás na Gaeltachta ag moladh do ghnólachtaí sa nGaeltacht páirt a ghlacadh sa scéim "Cárta na Gaeltachta."**

Is cárta bronntanais é Cárta na Gaeltachta atá forbartha ag an Údarás chun tacú le gnólachtaí ar fud na Gaeltachta agus chun caiteachas a spreagadh laistigh de phobail áitiúla.

Beidh gnólachtaí sna ceantair Ghaeltachta incháilithe chun glacadh le Cárta na Gaeltachta gan aon chostas cláraithe agus ní bheidh trealamh breise ag teastáil. Ní bheidh aon choimisiún le híoc ag gnólachtaí Gaeltachta a ghlacann leis an gcárta.

Sna seachtainí amach romhainn, beidh ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta ag tabhairt cuairte ar ghnólachtaí ar fud na Gaeltachta chun iad a chlárú agus a ullmhú le glacadh le Cárta na Gaeltachta nuair a sheolfar é.

Beidh Cárta na Gaeltachta mar chuid den líonra Town & City Gift Cards, a bhfuil roinnt gradam buaite aige agus atá i bhfeidhm ar fud na hÉireann, áit a bhfuil breis agus €30m de chaiteachas áitiúil spreagtha aige go dtí seo.

Dúirt Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta, Tomás Ó Síocháin, "Is scéim cheannródaíoch é Cárta na Gaeltachta do réigiúin na Gaeltachta. Trí chárta bronntanais amháin, cuirfear tionchar eacnamaíoch inbhraite ar fáil do ghnólachtaí áitiúla trí líon na gcuairteoirí agus an caiteachas a mhéadú i measc réimse leathan gnólachtaí Gaeltachta."

"Trí Chárta na Gaeltachta, díreoimid aird ar an tairiscint ghnó uathúil atá le fáil ar fud na seacht gcontae Gaeltachta agus cothóimid cultúr fadtéarmach 'ceannaigh go háitiúil', a chuirfidh gnólachtaí na Gaeltachta chun cinn agus a thacóidh leo."

Tá tús curtha leis an bpróiseas clárúcháin do ghnólachtaí don chárta, a bheidh á sheoladh go hoifigiúil níos déanaí sa bhfómhar.





# 'Ní chloisfeá mórán sacsafón thiar i dTigh Lee'

***Labhraíonn an ceoltóir Peadar-Tom Mercier faoi fhuaim uathúil Trá Pháidín***

Pictiúr: Sara Leslie

Bill Breathnach

**"Ní chloisfeá mórán sacsafón ag Féile Chuigéil, thiar i dTigh Lee. Ní tharlaíonn sé mórán sa mbaile," a deir an ceoltóir Peadar-Tom Mercier ón mbanna ceoil Trá Pháidín agus é ag gáire.**

In ainneoin seo áfach, cé go mbaineann an banna úsáid as réimse leathan uirlisí le fuaim uathúil, éagsúil a chruthú, is léir go bhfuil ceol an bhanna fréamhaithe i gConamara Theas agus Cathair Chorcaí.

Eiseoidh an grúpa a n-albam nua **Cloch 's Claí** Dé hAoine beag seo - an lá céanna a mbeidh siad ag cur tús le camchuairt timpeall na tíre.

Chas ceoltóirí an bhanna le chéile agus iad ag seinm timpeall Chathair Chorcaí, áit a mbíonn an fhéile chlúiteach *jazz* gach bliain. Cé go bhfuil tionchar láidir ag an stíl seo ar stíl an bhanna, i ndáiríre ní maith le Trá Pháidín cur síos ró-shainniúil a dhéanamh ar a bhfuaim féin.

"Tarlaíonn sé sin le hochtar - bíonn a gcuid paisean agus a nádúr féin ag chuile duine - tá speictream eicínt sa mbanna," a deir Peadar-Tom.

"I ndáiríre, bímid ag déanamh ár ndícheall gan a bheith ag smaoineamh air agus díreach a bheith ag casadh an cheoil. Ach is dóigh, tagann sé go nádúrtha mar tá cúpla duine a thagann ó chúlra *jazz*, cúpla duine eile ó chúlra an cheoil thraidisiúnta, cúpla duine ó stíl "*old-time*" as Appalachia i Meiriceá.

"Bímid uileag ag éisteacht le chuile saghas ceoil. Bheadh muid an-tógtha le leithéidí John Coltrane, Alice Coltrane, Pharoah Sanders agus Sun Ra."

Áfach tá Trá Pháidín ag súil go mór leis tús a chur lena gcamchuairt nua an tseachtain seo, théis neart seachtainí a chaitheamh i nGaeltacht Dhún na nGall, ag taifeadadh a n-albam nua.

Tá an t-albam é féin bunaithe ar an seanchas a bhaineann le claíochaí bána i gConamara agus tugann sé léargas aorach ar an saol sa nGaeltacht - rud atá spreagtha go mór an leabhar An Béal Bocht, leis an údar clúiteach Myles na gCopaleen.

Díríonn sé ar théamaí áirithe a bhaineann le seo cosúil leis an gcur i gcéill, tithíocht, a pholaitíocht agus an t-ábhar a bhíonn le cloisteáil ar Raidió na Gaeltachta - ar ndóigh.

"Bhí fuinneamh leis, bhí gluaiseacht eicínt leis an rud uileag agus bhí an-chraic a'ainne é a chur le chéile" a deir Peadar-Tom faoin albam.

"Dá mbeadh do jab i gConamara, agus tá tú ag tiomáint uair a' chloig chuile maidin agus uair a' chloig chuile tráthnóna, agus tú ag breathnú thart, agus RnaG ag casadh agus thú ag éisteacht le chuile clár air, déarfainn go dtabharfadh sé neart inspioráide duit théis seachtaine."

Áfach, is léir nach gcuireann na téamaí seo srian ar chruthaitheacht agus spraoi an bhanna.

"Nílimid ró-chinnte an bhfuil muid ag rá tada leis an albam, nó céard atá sé ag rá. Ach tá sé déanta a'ainne anois agus b'fhéidir go ndearna muid chomh sciobtha sin nár thug muid aon airde ar," a deir Peadar-Tom go gealgháireach.

Tá trí albam taifeadta agus eisithe ag Trá Pháidín go dtí seo. Eisíodh a gcéad albam, *Set a hAon*, i 2019 agus tháinig a dara halbam *Set a Dó* amach i 2022. Ar ndóigh, ainmníodh tríú halbam an bhanna - *An 424* - in ómós don tseirbhís bhus mhíchlúiteach a fhágann PTSD ar mhuintir Chonamara.

"Níl ag duine amháin sa mbanna an tráma sin, ceapaim," a deir Peadar-Tom agus é ag gáire. Is léir áfach gur maith leis an mbanna úsáid a bhaint as an ngreann áitiúil le nasc a chruthú idir a gceol agus Conamara.

Ar *An 424*, tá traic den teideal "*ndáiríre tho, meastú cén fáth nach mbíonn signal ag an bhfón thart ar shiopa an phobail?*" - ainm a théann i bhfeidhm ar aon duine a rinne iarracht úsáid a bhaint as an Tesco Clubcard ar an bhfón agus iad in Indreabhán.

"Bhí mé ag iarraidh cineál *niche* a bhí ag baint leis na físeáin 'Seáinín Smaoiseach' a bhaint amach. Ní thuigfeadh aon duine eile é go brách, a rud féin atá ann is dócha," a deir Peadar-Tom.

Áfach, aithníonn an ceoltóir go difríochtaí suntasacha ann idir an ceol beo agus albam taifeadta. "Tá buntáistí ag an bpéire. Ar ndóigh tá míbhuntáistí ann freisin," a deir sé.

"Má tá rud eicínt taifeadta a'at, tá an seans a'at machnamh a dhéanamh air agus tú ag éisteacht siar leis. B'fhéidir nach bhfuil tú chomh srianta leis anois - bhfuil's a'at fadó, ní raibh ach micreafón amháin a'at agus seans amháin a'at ansin tá tú ar ais ar an mbus mura raibh sé taifeadta go maith a'at.

"Bhí an deis a'ainn an ceann ab fhearr linn a roghnú agus thar chúpla mí bhí muid in ann taifead a chur leis, leis na glórtha. Tá obair leis, tá sé níos mó mar chineál togra.

"Ach nuair atá tú ag casadh beo, d'fhéadfadh rud ar bith tarlú agus níl tú ag smaoineamh ar an gcaoi a bhfuil tú in ann dul siar air. Tá níos mó rudaí atá in ann dul san aer ach tá sé cruthaitheach i mbealach eile.

"Bhí an t-ádh orainne, ag roinnt mhaith gigeannaí bhí neart craic agus ruaille buaille ann. Ach leis an albam seo, beidh an chuid is mó do na gigeannaí suite agus beidh daoine ag éisteacht. Eispéireas áirithe a bheidh ann nach bhfaighfeá an t-am ar fad."

*Beidh Trá Pháidín ag seinm i Seanscoil Sailearna, Indreabhán le tacaíocht ón mbanna Mise an Sliabh, Dé Sathairn, 26ú Meán Fómhair.*

*Beidh siad ag seinm freisin sa Taibhdhearc, Cathair na Gaillimhe, le tacaíocht ón gcruitire, amhránaí agus cumadóir Niamh O'Brien, Dé Sathairn, 3ú Dheireadh Fómhair.*

**Tuilleadh eolais agus ticéid le fáil anseo**

Galway Grief Sherpa Network
Local Bereavement Networks
Irish Hospice Foundation

## Ag Maireachtáil le Méala an Bháis

**Oiche Eolais do Dhuine ar Bith atá ag faoi Mhéala**

**Déardaoin an 8ú Deireadh Fómhair 7.00-9.00i.n.**

**An Crompán, An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, H91 X4WH**

**Is imeacht poiblí saor in aisce é seo - chun tuilleadh eolais a fháil, seol riomhphost chuig:**
***galwaygriefsherpanetwork@gmail.com***

# Scoláireacht ar fáil do mhic léinn Mhaigh Eo



Buaiteoirí Scoláireacht Chuimhneacháin Oonagh Bean Uí Shúilleabháin, Ce'Nedra Cullen-O'Brien agus Eibhlín Gallagher

**Is féidir le mic léinn tríú leibhéal as Contae Mhaigh Eo atá gníomhach i gcur chun cinn na Gaeilge sa phobal nó sna healaíona cur isteach ar Scoláireacht Chuimhneacháin Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéileachair).**

Gheobhaidh an t-iarratasóir rathúil sparánacht €3,000 don tréimhse 2026-2028, arna maoiniú ag Éire Ildánach, chomh maith le trófaí buan agus tacaíocht forbartha ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Bhunaigh Comhairle Contae Mhaigh Eo an scoláireacht seo i gcuimhne ar an iar-Oifigeach Gaeilge, Oonagh Bean Uí Shúilleabháin (Ní Chéileachair). Bhí dea-cháil ar Iníon Uí Shúilleabháin sa gcontae mar gheall ar a tiomantas do rannpháirtíocht sa Ghaeilge a mhéadú agus ar theacht, ionchuimsiú agus deiseanna cruthaitheacha a chur chun cinn do phobail ar fud Mhaigh Eo.

Ní mór go mbeadh iarratasóirí cláraithe ar chlár oideachais tríú leibhéal lánaimseartha don bhliain acadúil 2026-2028. Freisin, tá an scoláireacht dírithe ar iarratasóirí gurb as Contae Mhaigh Eo dóibh, nó atá ina gcónaí sa gcontae.

**Ní mór foirmeacha comhlánaithe a chur isteach roimh 12:00 meán lae, Dé hAoine, 25 Meán Fómhair**. Is féidir iarratas a dhéanamh nó tuilleadh eolais a fháil ar www.mayo.ie/oifignagaeilge.

# Caitlín Ní Uallacháin ar stáitse i nGort Inse Guaire



**Beidh an compántas drámaíochta Na Cleasaithe ag filleadh ar Chontae na Gaillimhe Dé Sathairn leis an dráma Caitlín Ní Uallacháin a chur ar stáitse i nGort Inse Guaire Dé Domhnaigh.**

Léireofar an dráma i gCaisleán Thúr Bhaile Uí Laí, Gort Inse Guaire, mar chuid de Thionól Fómhair Gregory-Yeats. Is é seo an dara huair go mbeidh an léiriúchán seo - atá aistrithe ón mbundráma a scríobh an Bhantiarna Gregory - á chur ar stáitse i gContae na Gaillimhe ag Na Cleasaithe, tar éis dóibh é a dhéanamh in Áras na nGael i rith an tsamhraidh.

Is féidir ticéid a cheannach ag www.autumngathering.com.

# Aperitíf á chraoladh anois ar TG4

## *'Meascán de First Dates, Club na Féile ag an Oireachtas, agus Tigh Josie ar an gCeathrú Rua siar sna 1990idí'*

**Peadar Mac Fhlannchadha**

**Craoladh an chéad chlár de *Aperitíf* aréir ar TG4, sraith nua cleamhnais a bheidh á thaispeáint gach Céadaoin ag 9.30i.n. ó seo go tús mhí na Samhna.**

Tugann an clár deis do rannpháirtithe casadh le triúr eile atá singil le linn an chúrsa thosaigh, an phríomhchúrsa agus na milseoige. Ag deireadh an bhéile, tugtar an deis dóibh duine den triúr a roghnú má tá fonn orthu iad a fheiceáil arís.

Is iad Mairéad Ní Chuaig agus Cuán De Búrca atá mar láithreoirí ar an tsraith agus iad ag treorú, ag mealladh, ag cothú agus ag spreagadh gach duine, ag súil go gcothófar splanc an ghrá agus go mbeidh an toradh cuí ar an tsuirí ar fad.

Áfach, tá neart ann atá éagsúil faoin gclár nua seo dar le Mairéad.

"Is ionann *Aperitíf* agus meascán de *First Dates*, Club na Féile ag an Oireachtas, agus Tigh Josie ar an gCeathrú Rua siar sna 1990idí," a dúirt an láithreoir agus í ag labhairt di le *Sobal* .

"Níl Willie Daly agus Féile Lios Dhún Bhearna ach in áit na leathphingine maidir le cleamhnais a chothú i gcomparáid le *Aperitíf*. Is sraith é seo freisin ar féidir leis an gclann ar fad suí síos in éindí chun breathnú air.

"Chuireamar romhainn sraith a dhéanamh a bhí lán le rómáns, le grá, le spreagadh agus le spraoi, ag súil go dtabharfaidh sé briseadh beag don lucht féachana óna scéalta uafáis atá buailte orainn gach lá den tseachtain,"

"Creidim gur éirigh linn é sin a dhéanamh agus bhain mé féin, agus mo leathbhádóir Cuan, an-spraoi go deo ag cur na sraithe seo le chéile. Ach chomh maith leis an spraoi, chuaigh dáiríreacht na ndaoine a bhí linn ar na cláir ar fad i bhfeidhm orainn go mór agus an spéis a bhí acu bualadh le páirtí nua, ag súil go leanfar leis an gcaidreamh leo agus an béile ite acu."

Gné eile a chuaigh i bhfeidhm ar Mhairéad nó go raibh na rannpháirtithe bréan den saol cleamhnais ar líne agus na haipeanna uileag, agus go raibh rud eicínt níos doimhne ag teastáil uathu.

"Dúirt siad linn go raibh siad ag iarraidh bualadh le gnáthdhaoine san fhíorshaol agus comhrá aghaidh ar aghaidh a bheith acu, seachas a bheith de shíor ag seoladh téacsanna agus teachtaireachtaí ar líne chuig a chéile. Dúirt siad linn freisin go raibh sé sin ar cheann de na fáthanna ar chuir siad spéis in *Aperitíf*," a mhínigh Mairéad.

"Bhí sé suntasach freisin go raibh spéis ag gach duine a bhí linn bualadh le páirtí i nGaeilge agus gur spreag sé sin iad freisin spéis a chur sa tsraith. Labhair cuid acu faoi spéis a bheith acu clann a thógáil le Gaeilge agus roinnt eile a bhí ag iarraidh cur lena gcumas féin sa teanga."

"Is cláir uair a chloig a bheidh á chraoladh againn, rud a chinnteoidh go mbeidh deis ag an lucht féachana aithne mhaith a chur ar gach duine atá páirteach sna cláir. Táim cinnte go mbeidh pobal TG4 thar a bheith tógtha lena scéalta pearsanta a bheidh le feiceáil ar a scaláin. Beidh le feiceáil freisin ar ndóigh faoin líon cleamhnais a tháinig as an tsraith."



Cuán De Búrca agus Mairéad Ní Chuaig